

5 Cur chun feidhme seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais

- 5.1** I mí Feabhra 2012 chinn an Rialtas samhail seirbhísí comhroinnte a chur chun feidhme le haghaidh feidhmeanna riaracháin áirithe in earnáil phoiblí na hÉireann.¹ Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) in 2014 mar oifig riaracháin, lena vóta féin (Vóta 18), laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an Roinn). I mí Eanáir 2018, ainmníodh ONSC go hoifigiúil mar oifig nua státseirbhíse ar leith, lena hoifigeach cuntasáíochta féin.
- 5.2** Tá trí shnáithe (nó tionscadail) i gceist i rolladh amach shamhail na seirbhísí comhroinnte atá á bainistiú ag ONSC — acmhainní daonna (AD), párolla agus bainistíocht airgeadais.
- 5.3** Sular cuireadh seirbhísí comhroinnte chun feidhme, bhí gach comhlacht seirbhíse poiblí freagrach as a fheidhmeanna párolla, acmhainní daonna agus airgeadais féin a riar. Go hiondúil, bhíodh freagracht á sannadh do roinnt comhaltaí foirne cléireachais agus riaracháin i ngach comhlacht maidir le riar na bhfeidhmeanna speisialaithe seo.
- 5.4** Cé gur sainithníodh coigilteas féideartha ar chostas tuarastail mar bhuntáiste suntasach a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar shamhail na seirbhísí comhroinnte, sainithníodh freisin an fhéidearthacht a bhain le roinnt buntáistí neamhairgeadais. Mar shampla, táthar ag súil leis, de bharr an athraithe chuig seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais, go n-éascófar le húsáid a bheith á baint as cuntasáíocht fabhráithe agus, trí úsáid a bhaint as struchtúir chaighdeánaithe, go n-éascófar le hinchomparáideacht agus rialú agus feidhmíocht airgeadais a fheabhsú trí fhaisnéis airgeadais a bheidh feabhsaithe go suntasach. Chomh maith leis sin, tá ONSC ag súil leis go n-éascóidh an tionscadal le trédhearcacht fhioscach agus go bhféadfadh buntáistí eile a bheith dá thoradh trí lárbhainistíocht agus forbairt scileanna i réimsí lena n-áirítear cibearshlándáil agus slándáil sonraí agus bainistíocht soláthair.
- 5.5** Tá breis is €32 milliún caite ar an acmhainn a fhorbairt agus na feidhmeanna riaracháin le haghaidh seirbhísí comhroinnte AD agus párolla a sholáthar ina dhiaidh sin.
- Ba é an tseirbhís chomhroinnte AD an chéad seirbhís a bunaíodh agus thosaigh an tseirbhís ag tacú leis na chéad chliaint in 2013. Inniu, tá an tseirbhís ag freastal ar bhreis is 38,000 státseirbhíseach in 42 roinn agus oifig de chuid an rialtais láir. Seo a leanas na príomhsheirbhísí atá liostaithe ag ONSC atá á cur ar fáil aici - riar pinsean, coigeartuithe pá, incrimintí agus scéimeanna fostaithe, bainistíocht struchtúrtha eagraíochtúil, bainistiú doiciméad, riar saoire agus neamhláithreachta, agus aisghabhálacha agus oiliúint.
 - Tá seirbhísí comhroinnte párolla á soláthar ó 2013. I láthair na huaire, tá seirbhísí párolla á soláthar ag ONSC do 145,000 íocaí in 54 comhlacht san earnáil phoiblí, lena n-áirítear 60,000 pinsinéir. I measc na bpríomhsheirbhísí atá á soláthar tá seirbhís pá seachtainiúil, coicísiúil agus míosúil, riarpá agus luacha saothair, agus riar pinsean.

¹ Rinneadh measúnú in athbhreithniú a rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) in 2008 ar ullmhacht sheirbhís phoiblí na hÉireann chun déileáil le dúshlán gheilleagracha agus shóisialta amach anseo. Moladh sa tuarascáil gur cheart do sheirbhís phoiblí na hÉireann tús áite a thabhairt d'fhorbairt seirbhísí comhtháite agus comhroinnte. *Éire: I dTreó Seirbhís Phoiblí Chomhtháite*, athbhreithniú bainistíochta poiblí ECFE, Meitheamh 2008. *Príomhghné de Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí* 2011 ba ea cur chun feidhme seirbhísí comhroinnte.

- Ina theannta sin, soláthraíonn feidhm chaidreamh agus sheirbhísí do chustaiméirí ONSC tacaíocht bainistíochta seirbhíse do chliaint, tacaíocht do chustaiméirí aonair trí ionaid teagmhála (lena n-áirítear deasca cabhrach chun tacú le r-Phromhaidh, r-CBFF agus seirbhísí *OneLearning* na Roinne), monatóireacht agus treoir cosanta sonraí, dearbhú cáilíochta agus comhordú foriomlán iniúchta le Rannóg Seirbhísí Fostaithe ONSC.

5.6 Ba é an aidhm a bhí leis an tionscadal chun samhail seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais (SCBA) a chur chun feidhme, 31 córas difriúil bainistíochta airgeadais agus tuairiscithe a bhí in úsáid i 48 roinn, oifig agus gníomhaireacht Rialtais, a ionadú le córas aonair TF airgeadais a bhfuil ionad nua seirbhísí comhroinnte airgeadais ag tacú leis.

5.7 Go dtí deireadh 2019, bhí €38.4 milliún (gan CBL san áireamh) caite ag ONSC ar chóras SCBA. D'fhaomh an Rialtas an cás gnó don tionscadal in Eanáir 2016.

5.8 Bhíothas ag súil ar dtús leis go mbeadh an córas SCBA 'beo' i lár 2018. Faoi Mheán Fómhair 2020, ní raibh an córas curtha ar fáil fós. De bharr fadhbanna dearaidh a tháinig chun solais, cuireadh imlonnú an chórais ar sos i mí Iúil 2018. I mí na Samhna 2018, cuireadh tús le próiseas athbhreithnithe dearaidh. De bhrí nár samhlaíodh sa chás gnó bhunaíodh go mbeadh an obair seo le déanamh, tá costais shuntasacha bhreise tabhaithe chun na fadhbanna dearaidh a bhain leis an gcóras a réiteach agus chun leanúint ar aghaidh leis an tionscadal arís. Scrúdaítear sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta go dtí seo i gcomparáid leis an bplean bunaidh, agus déantar athbhreithniú ar na socruithe atá i bhfeidhm anois chun an obair forbartha a chur i gcrích.

Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta — scála na seirbhísí comhroinnte

5.9 Seo a leanas na haidhmeanna atá le samhail seirbhísí comhroinnte a chur chun feidhme sa státseirbhís - na feidhmeanna AD, párolla, cuntasaíochta agus airgeadais a nuachóiriú; gníomhaíochtaí próiseála idirbhirt a bhogadh ó ranna rialtais chuig ionad speisialaithe ina ndéantar sonraí ar ardchaighdeán a idirbheartú, a uathoibriú agus a fheabhsú, faisnéis a phróiseáil agus a bhainistiú níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla; agus acmhainn straitéiseach agus cinnteoireacht níos fearr a chumasú go háitiúil i ngach feidhm.

5.10 Is clár mórscála agus casta é SCBA a athróidh an fheidhm airgeadais ó bhonn mar a rinne sé i gcás párolla agus AD, agus bogfar an ghníomhaíocht idirbhirt chuig seirbhísí comhroinnte, déileálfar le fadhbanna a bhaineann leis an gcóras leagáide faoi láthair agus cuirfear deireadh leis an méid suntasach d'obair a dhéantar de láimh a theastaíonn chun ceanglais tuairiscithe a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, cinnteoidh sé go mbeidh an fheidhm airgeadais á coimeád i ranna agus oifigí Rialtais ionas gur féidir níos mó béime a leagan ar bhainistíocht airgeadais seachas gníomhaíochtaí idirbhirt.

5.11 Seachas glacadh leis mar thionscadal TF amháin, áirítear ann athdhearadh agus caighdeánú bunúsach ar an mbealach a mhapáiltear, a thaifeadtar agus a rialaítear sonraí; agus athdhearadh, caighdeánú agus uathoibriú idirbhirt na bpróiseas airgeadais agus cuntasaíochta ceann go ceann a thosaíonn in aonad airgeadais na roinne rialtais tríd an t-ionad seirbhísí comhroinnte go dtí táirgeadh cuntas caighdeánach agus faisnéis bainistíochta do na cuntais leithreasa bliantúla agus tuairiscíú lárnach airgeadais don Rialtas, agus teicneolaíocht ag tacú leis.

Plean chóras SCBA

- 5.12** Éagsúil leis na seirbhísí comhroinnte AD agus párolla a bunaíodh tríd is tríd ar bhogearraí coiteann a bhí in úsáid cheana féin, samhlaíodh i dtionscadal SCBA go mbeadh córas iomlán nua atá le himlonnú ar fud na státseirbhíse á dhearadh agus á thiomsú.
- 5.13** Is é atá mar aidhm leis an tionscadal soláthar raon seirbhísí airgeadais a chomhdhlúthú in ardán aonair amháin, lena n-áirítear
- cuntais iníoctha agus infhála
 - cuntasáocht sócmhainní seasta agus bainistíocht sócmhainní
 - mórleabhar ginearálta agus cuntasáocht fardail
 - comhlíontacht agus rialuithe a chinntiú
 - tuairisciú iniúchta idirbhirt
 - ráitis airgeadais a ullmhú.
- 5.14** Tá ONSC ag súil leis nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe, go mbeidh seirbhísí bainistíochta airgeadais á soláthar don Rialtas láir ar fad trí úsáid a bhaint as cairt choiteann aonair cuntas, próisis chuntasaíochta caighdeánaithe agus córas aonair comhtháite bainistíochta airgeadais. Samhlaítear go nglacfar le cur chuige láraithe maidir le r-Sholáthar agus go dtacóidh sé le cumas feabhsaithe cinnteoireacht straitéiseach a dhéanamh trí rochtain ar fhaisnéis níos fearr faoi chostais.

Breithmheas an tionscadail

- 5.15** Ag an tús, bhunaigh an Roinn Bord Cláir do thionscadal SCBA. Páirteach ann bhí cathaoirleach, Stiúrthóir Chlár SCBA (oifigeach ONSC), rúnaithe cunta ó shé chomhlacht earnála poiblí agus ionadaíocht ó Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais agus ón Oifig um Sholáthar Rialtais. Is é an ról atá ag an mBord comhairle agus tacaíocht bainistíochta a sholáthar, agus maoirseacht a dhéanamh ar chinnteoireacht.
- 5.16** Aimsíodh i dtuarascáil bonnlíne a cuireadh i dtoll a chéile i mBealtaine 2013, coimisiúnaithe ag an Roinn, go raibh costas bliantúil na seirbhísí airgeadais in 48 comhlacht earnála poiblí cothrom le €36.6 milliún. Measadh sa tuarascáil seo go raibh an poitéinseal ann costais oibriúcháin a laghdú idir €6.4 milliún agus €14.6 milliún sa bhliain, trí ghníomhaíochtaí airgeadais níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a sholáthar, lena n-áirítear samhail seirbhísí comhroinnte a bhunú.¹
- 5.17** Sainaithníodh raon neamhéifeachtúlachtaí sna socruithe reatha lena n-áirítear
- bhí córais éagsúla in úsáid sa státseirbhís trí chéile agus bhí córais chuntasaíochta dílsithe in úsáid ag roinnt comhlachtaí a bhí saincheaptha dá riachtanais uathúla
 - bhí éagsúlachtaí móra le tabhairt faoi deara idir eagraíochtaí maidir leis an gcostas a bhain le hidirbhearta simplí airgeadais a phróiseáil cosúil le sonrasc
 - bhí dúbailt le tabhairt faoi deara sna ranna airgeadais agus TF
 - ní raibh ailíniú na ngrád foirne déanta ar bhealach optamach go háirithe i ndáil le próiseáil idirbheart.

¹ Ní raibh na coigiltis phoitéinsiúla a bhain go díreach le samhail seirbhísí comhroinnte a bhunú cainníochtaithe.

- 5.18** Bunaithe ar staidéar féidearthachta curtha i gcrích ag an Roinn, ba í an rogha thosaíochta ionad seirbhísí comhroinnte a bhunú trí úsáid a bhaint as córas aonair bainistíochta airgeadais sa trí shuíomh.¹ Ina dhiaidh sin, d'eisigh ONSC iarraidh ar thairiscint chun córas aonair bainistíochta airgeadais a sholáthar.
- 5.19** D'ullmhaigh an Rialtas cás gnó nuashonraithe do SCBA i mí na Nollag 2015, agus tugadh costais mheasta an tionscadail cothrom le dáta chun léargas a thabhairt ar an tairiscint a sholáthair an fothairgeoir rathúil. Ag an bpointe sin, bhí €3.8 milliún (gan CBL san áireamh) caite ar an gcleachtadh bonnlíne, staidéar féidearthachta agus próiseas tairisceana don tionscadal. Léiríodh sa chás gnó go mbeadh €40 milliún (gan CBL san áireamh) eile ag teastáil i gcostais chaipitil, móide foráil teagmhasachta de €3.6 milliún (gan CBL san áireamh) i ndáil le rioscaí tionscadail agus rioscaí moille.²
- 5.20** Dá réir sin, moladh sa chás gnó go ndéanfaí infheistíocht iomlán de €47.4 milliún lena n-áirítear an €3.8 milliún a bhí caite cheana féin agus an fhoráil teagmhasachta. Ba ann dó seo chun tacú le himlonnú an chórais nua SCBA sa chéad chúig 'shnáithe' de chliantchomhlachtaí, agus ba é lár 2020 an dáta a bhí luaite le críochnú an tionscadail. Ba í an tréimhse aisíoca mheasta a bhí luaite leis an tionscadal díreach os cionn 7 mbliana (féach ar Fhíor 5.1).

Fíor 5.1 Achoimre ar chás gnó faofa Nollaig 2015

	Líon reatha (roimh-SCBA)	Lena bhfuiltear ag súil (i ndiaidh- SCBA)
Foireann (coibhéis lánaimseartha) (CL)	564	419
Costas bliantúil chun seirbhís a sholáthar	€46.5m	€31.1m
Coigilteas bliantúil		€15.4m
Costas iomlán cur chun feidhme (gan CBL san áireamh)		€47.4m
Tréimhse aisíoca mheasta		7.1 bhliain ^a
Dáta críochnaithe ionchais		Ráithe 2, 2020
Glanluach láithreach (GLL) thar 15 bhliain		€53.2m
Foinse:	ONSC	
Nóta:	a Baineann an tréimhse aisíoca mheasta leis an gcaitheamh breise ionchais €43.6 milliún. Méadaíonn an tréimhse aisíoca go dtí 9.5 bhliain nuair a chuirtear an €3.8 milliún atá caite cheana féin san áireamh.	

¹ Áiríodh i measc na roghanna eile a breithníodh na córais reatha a choimeád (i.e. an rogha 'déan dada'), an fheidhm a sheachfhoinsíu chuig soláthraí seachtrach seirbhísí comhroinnte, nó ionad seirbhísí comhroinnte a bhunú trí úsáid a bhaint as roinnt córas difriúil bainistíochta airgeadais.

² Níor sonraíodh sa chás gnó le haghaidh SCBA cibé an raibh nó nach raibh CBL san áireamh nó gan a bheith san áireamh sa bhuiséad don tionscadal, ach sonraíodh san aighneacht chuig an Rialtas nach raibh CBL san áireamh sa bhuiséad luach €40 milliún. D'fhoilligh comparáid a dhéanamh leis an gcás gnó, cuirfear na figiúirí SCBA i láthair gan CBL san áireamh.

- 5.21** Faomhadh an tionscadal SCBA, mar atá sonraithe sa chás gnó, le cinneadh Rialtais in Eanáir 2016.
- 5.22** De bharr deacrachtaí a bhain le ceanglais maidir le próiseáil mhaoiniú AE a ionchorprú, rinneadh foráil sa chás gnó le haghaidh rogha chun an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) a chur as an áireamh ó scóip an tionscadail. Nuair a faomhadh an tionscadal, iarchuireadh cinneadh maidir le cibé ar cheart nó nár cheart RTBM a áireamh i scóip an tionscadail. Trí RTBM a chur as an áireamh, laghdófaí costais an tionscadail thart ar €3.6 milliún ach chomh maith leis sin laghdófaí coigilteas bliantúil measta an tionscadail suas le €3.3 milliún, agus chuirfí síneadh suntasach leis an tréimhse aisíoca.

- 5.23** Áiríodh sa chás gnó freisin anailís íogaireachta ina ndearnadh cur síos ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí airmheáin agus an cás is measa, cosúil le méadú 25% ar an gcostas, nó moill dhá bhliain ar chur chun feidhme (féach ar Fhíor 5.2). Taispeánadh na hathróa ina n-aonar. Níor léiríodh sa chás gnó an tionchar poitéinsiúil foriomlán ar na costais cur chun feidhme nó ar an nglanluach láithreach, sa chás go mbeadh meascán de na rioscaí ar an taobh thíos le tabhairt faoi deara.
- 5.24** Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta nár tugadh léargas sa chás gnó ar na dúshláin ar fad a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag an gclár, i bhfianaise nádúr fíorchasta an tsruthlínithe agus shimpliú na bpróiseas airgeadais fadbhunaithe ó 48 comhlacht earnála poiblí in ardán aonair amháin le próisis chaighdeánacha. Dúirt sí gur cuireadh san áireamh sa chás gnó, áfach, an poitéinseal a bhaineann le moilleanna ar an tionscadal agus méadú gaolmhar ar chostais.

Fíor 5.2 Anailís íogaireachta ar chás gnó do chóras SCBA

Éagsúlachtaí díobhálacha poitéinsiúla ar thiomhdí	Tionchar poitéinsiúil ar		
	Costais an tionscadail	Coigilteas bliantúil	Tréimhse aisioca blianta
	€m	€m	
Méadú 25% ar an gcostas cur chun feidhme	+ 10		+ 0.8
Síneadh dhá bhliain ar an amlíne cur chun feidhme	+ 11.6		+ 2.9
Ráta scoir/fágálaithe laghdaithe go dtí 1% de ról	+ 1.4		+ 0.1
Méadú 25% ar líon na foirne (CL) a theastaíonn chun SCBA a oibriú	+ 0.7	- 3.4	+ 1.2
Méadú 25% ar líon na foirne (CL) a theastaíonn chun feidhmeanna coimeádta a oibriú		- 3.2	+ 1
Ráta feabhais leanúnaigh laghdaithe go 1%		- 1.5	+ 0.1
Méadú 25% ar chostais teicneolaíochta athfhillteacha		- 1	+ 0.4
Foinse:	ONSC		

- 5.25** Measadh an próiseas breithmheasa curtha chun feidhme ag ONSC i gcomparáid le ceanglais atá sonraithe i *gCód Caiteachais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (féach ar Fhíor 5.3). Go ginearálta, bhí na ceanglais á gcomhlíonadh ag an bpróiseas breithmheasa. Bunaíodh an gá a bhí leis an tionscadal trí thuarascáil bonnlíne, agus roinnt roghanna poitéinsiúla a bhí le comhlíonadh a ndearnadh scrúdú orthu ina dhiaidh sin i staidéar féidearthachta. Áiríodh sa chás gnó faofa ag an Rialtas costálacha nuashonraithe a thug léargas ar thoradh an chleachtaidh soláthair. Níor ullmhaíodh sainchúram foirmiúil do thionscadal SCBA, áfach.
- 5.26** Ba cheart go ndéanfaí sainiú i sainchúram tionscadail ar na ceanglais dearaidh ar fad a bhaineann le tionscadal. Cé gur sonraíodh ceanglais dearaidh suntasacha san iarraidh ar thairiscint, cuireadh roinnt athruithe i bhfeidhm ar na ceanglais sin ó shin.
- 5.27** Shonraigh ONSC gur eascair na ceanglais sonraíochta athraithe as teip ghrúpa oibre an phróisis ina dhiaidh sin comhaontú ar an gcaighdeánú atá riachtanach chun tacú le himlonnú rathúil. Breithnítear easnaimh a bhaineann le sonraíocht ceangaltas níos faide anonn sa tuarascáil seo.

Fíor 5.3 Comhlíontacht le príomhcheanglais bhreithmheasa an *Chóid Caiteachais Phoiblí*

Príomhcheanglais	Measúnú ^a
Ar cuireadh próiseas measúnaithe straitéisigh oiriúnach i gcrích don tionscadal?	●
Ar ullmhaíodh réamhchás gnó oiriúnach?	●
Ar tugadh faoi phróiseas pleanála oiriúnach sular ullmhaíodh sainchúram an tionscadail?	●
Ar leordhóthanach an straitéis tairisceana?	●
An raibh cás gnó nuashonraithe leordhóthanach ullmhaithe inar inchorpraíodh torthaí an phróisis tairisceana?	●

Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Nóta: a ● = ceanglas comhlíonta.
 ● = ceanglas comhlíonta go páirteach.
 ● = níor comhlíonadh ceanglas.

Dul chun cinn an tionscadail go dáta

- 5.28** Bhíothas ag súil leis go mbeadh cur chun feidhme chóras SCBA curtha i gcrích ina iomláine i ngach roinn laistigh de scóip an tionscadail faoi dheireadh Mheitheamh 2020. Bhí sé beartaithe an cur chun feidhme a dhéanamh laistigh de chúig shnéithe. Shann ONSC sprioc-chliaint chóras SCBA amach anseo do shnéithe ar leith le haghaidh imlonnú.

Amlíne

- 5.29** Déantar comparáid i bhFíor 5.4 idir amlíne iarbhír an tionscadail agus na garspriocanna sonraithe i gcás gnó Nollaig 2015. I láthair na huaire, tá an tionscadal trí bliana agus naoi mhí ar gcúl i gcomparáid leis an sceideal bunaidh. Níl córas SCBA atá ag obair curtha ar fáil fós.
- 5.30** Tá sé sonraithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta nach bhfuil aon rud neamhghnách ag baint le hathruithe ar chlár atá chomh mór agus chomh casta leis seo. Shonraigh sí gur cuireadh san áireamh sa chás gnó bhunaidh go bhféadfadh moilleanna suas le dhá bhliain a bheith i gceist.

Costais an tionscadail

- 5.31** Bhí costas iomlán an tionscadail (teagmhasacht san áireamh) a measadh i gcás gnó Nollaig 2015 cothrom le €47.4 milliún (gan CBL a chur san áireamh). Measadh go gcuimhdódh sé seo costas an tionscadail iomláin lena n-áirítear dearadh, tiomsú, tástáil agus imlonnú iomlán na gcúig shnéithe.
- 5.32** Chomh fada le deireadh 2019, bhí €38.4 milliún (gan CBL a chur san áireamh) caite ag ONSC ar thionscadal SCBA.¹ Meastar go mbeidh caiteachas iarbhír an tionscadail le haghaidh 2020 cothrom le €15 milliún (gan CBL san áireamh).

¹ Tá caiteachas carnach an tionscadail, CBL san áireamh, cothrom le breis is €45 milliún.

Fíor 5.4 Comparáid idir amlínte pleanáilte agus iarbhire

Amscála	Pleanáilte	Iarbhir
2016	Ráithe 1	Bailchríoch a chur ar an gconradh le comhpháirtí chur chun feidhme an córais (CCF).
	Ráithe 2	
	Ráithe 3	
	Ráithe 4	
2017	Ráithe 1	Tiomsú tosaigh SCBA a chríochnú.
	Ráithe 2	
	Ráithe 3	
	Ráithe 4	
2018	Ráithe 1	Imlonnú shnáithe 1 a chríochnú.
	Ráithe 2	
	Ráithe 3	
	Ráithe 4	
2019	Ráithe 1	Imlonnú shnáithe 2 a chríochnú.
	Ráithe 2	
	Ráithe 3	
	Ráithe 4	
2020	Ráithe 1	Imlonnú shnáithe 3 a chríochnú.
	Ráithe 2	
	Ráithe 3	
	Ráithe 4	
2021	Ráithe 1	Imlonnú shnáithe 4 a chríochnú.
	Ráithe 2	
	Ráithe 3	
	Ráithe 4	
2022	Ráithe 1	Imlonnú shnáithe 5 a chríochnú.
	Ráithe 2	
	Ráithe 3	
	Ráithe 4	

Foinse: ONSC


- 5.33** D'fhaomh cinneadh Rialtais a rinneadh i Meán Fómhair 2020 imlonnú leantach an chórais SCBA thar amlíne sínithe an tionscadail go dtí 2025. Chomh maith leis sin, faomhadh maoiniú breise, rud a chiallaigh go raibh an buiséad faofa iomlán don tionscadal cothrom le €115 milliún, CBL san áireamh.
- 5.34** Tá sé sonraithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta go bhfuil ONSC ag obair trí phróiseas le comhpháirtí chur chun feidhme an chórais chun plean athghníomhachtaíochta a chomhaontú le haghaidh chur chun feidhme an réitigh agus imlonnú chuig an chéad snáithe de chliaint. Shonraigh sí, i bhfianaise nádúr an chláir, go raibh caiteachas suntasach láithreach ag teastáil chun an bonneagar bunaidh a bhunú lena n-áirítear crua-earraí, bogearraí agus costais cheadúnaithe le haghaidh gach snáithe imlonnaithe.
- 5.35** Sainaitníodh in athbhreithniú a rinne comhlacht comhairleach seachtrach¹ ar na príomhábhair imní a bhaineann le tionscadal SCBA, a cuireadh i láthair i mí Feabhra 2019, róchaiteachas suntasach i ndáil le costais an tionscadail, agus bhí an caitheamh carnach faoin tráth sin cothrom le thart ar 70% den bhuiséad iomlán comhaontaithe don tionscadal. Thuairiscigh an comhairleoir go raibh an tionscadal fós sa chéim dearaidh go bunúsach, agus moladh gur dócha go n-éileodh cur i gcrích na scóipe bunaidh caiteachas a bheadh i bhfad níos mó ná an meastachán bunaidh buiséid.
- 5.36** Mheas ONSC gur bhain €10.3 milliún (gan CBL san áireamh) de chaiteachas an tionscadail go dtí deireadh 2019 le costais nach raibh curtha san áireamh sa chás gnó. D'fhéadfaí go leor den chaiteachas sin a sheachaint. Níor tharla iontráil bheartaithe an tionscadail sa chéim tástála glactha úsáideora mar a bhí beartaithe i mí Iúil 2018. Idir sin agus Nollaig 2019, thabhaigh ONSC costais shuntasacha a bhain le dearadh an chórais a athbhreithniú agus a leasú, athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht oibríochtúil struchtúr rialachais agus acmhainn laistigh d'fhoireann an tionscadail, agus fadhbanna conarthacha le comhpháirtí chur chun feidhme an chórais a réiteach. Áiríodh i measc na gcostas breise €10.3 milliún de chaiteachas ar fhoireann an tionscadail, méideanna íoctha le comhpháirtí chur chun feidhme an chórais le haghaidh 'triáiseáil' agus cothabháil dearaidh, agus méideanna íoctha leis an gcomhairleoir seachtrach le haghaidh athbhreithnithe ar ghnéithe áirithe den tionscadal.

¹ Tá achoimre ar phríomhchonclúidí an athbhreithnithe le fáil i bhFíor 5.6.

Rialachas agus córais bhainistíochta an tionscadail

- 5.37** Tá achoimre ar na socruithe rialachais atá bunaithe do thionscadal SCBA le fáil i bhFíor 5.5.¹

Fíor 5.5 Socruithe rialachais do thionscadal SCBA 2013 go dtí 2017^{a,b}



Foinse: ONSC

- Nótaí:
- a Ó Eanáir 2018 (nuair a bunaíodh ONSC mar oifig ar leithligh), tá na struchtúir athraithe. Ceapadh Príomhfeidhmeannach ONSC (POF) mar Oifigeach Cuntasaíochta agus ní thuairiscíonn sé/sí do Bhord ONSC níos mó, atá anois ag feidhmiú mar bhord comhairleach.
 - b Tuairiscíonn ÚFS (Stiúrthóir an Chláir) don POF. Tá údarás cinnteoireachta tugtha do Bhord an Chláir maidir le gnéithe den tionscadal, ach roimhe seo is ag feidhmiú i gcáil chomhairleach amháin a bhí an Bord.

- 5.38** Ag céimeanna tosaigh an tionscadail ba ar Ard-Rúnaí na Roinne a bhí an fhreagracht fhoriomlán as an tionscadal, a bhí ag feidhmiú mar Oifigeach Cuntasaíochta ONSC an t-am sin. Aistríodh an fhreagracht seo do Phríomhfeidhmeannach ONSC nuair a bunaíodh é mar chomhlacht neamhspleách in Eanáir 2018.

¹ Tá cairt ina leagtar amach na socruithe rialachais reatha le fáil in Iarscríbhinn 5A.

5.39 Le cois Bhord an Chláir, áiríodh na gnéithe seo a leanas sa struchtúr rialachais.

- **Foireann tionscadail** — Bunaíodh foireann tionscadail chun tabhairt faoin staidéar bonnlíne. I ndiaidh staidéar féidearthachta a dhéanamh ina dhiaidh sin, bhí sé beartaithe go mbeadh 20 státseirbhíseach lánaimseartha páirteach san fhoireann lena n-áirítear bainisteoir tionscadail, ceannasaí teicneolaíochta, ceannasaí imlonnaithe agus ceannasaí eagraíochta chun tacú le hoibríú an tionscadail. Measadh gur bhain tábhacht ar leith i gcomhthéacs rath an tionscadail le comhaltáí foirne a cheapadh sna poist seo. Bhain deacrachtaí, áfach, le foireann a aimsiú agus líonadh ról áirithe trí chomhaltáí foirne ar conradh a cheapadh.
- **Tacaíocht sheachtrach d'fhoireann an tionscadail** — Tugadh faoi chleachtadh soláthair chun foireann sheachtrach a cheapadh chun cabhrú le foireann an tionscadail leis an tionscadal a bhainistiú agus a sholáthar. Áiríodh anseo cúnamh a thabhairt i ndáil le gach réimse den chlár, lena n-áirítear tairiscintí a mheas, SCBA a bhunú, comhairle agus tacaíocht a thabhairt i ndáil le grúpaí oibre a threorú, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar i ndiaidh tús a bheith curtha le feidhmiú an chláir. Síníodh an conradh leis an soláthraí seirbhíse roghnaithe i mí Lúnasa 2014.
- **Grúpaí comhairleacha** — D'fhoill cabhrú le foireann an tionscadail, bunaíodh grúpa comhairleach dhearadh an tionscadail agus grúpa comhairleach teicniúil. Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb é cuspóir na ngrúpaí seo comhairle fheidhmiúil dearaidh agus ceannaireacht a sholáthar a bhí riachtanach chun an t-athrú suntasach a bhí ag teastáil ar fud na státseirbhíse a threorú agus tacú leis an mór-athrú seo, agus maoirseacht ar chur chun feidhme an dearaidh.

Athbhreithnithe ar rialachas agus féidearthacht an tionscadail

- 5.40** Rinne Bord an Chláir athbhreithniú ar an struchtúr rialachais in 2016 lena chinntiú go raibh sé oiriúnach don chéim dearaidh agus tiomsaithe. Ag tús 2018, ceapadh comhairleoir seachtrach chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar fhéidearthacht an phlean a chinnteodh go mbeadh SCBA 'beo'. Ina dhiaidh sin, ceapadh an comhairleoir chun dhá mheasúnú bhreise a dhéanamh ar ghnéithe den tionscadal, agus saináithníodh i rith an dá mheasúnaithe easnaimh sna próisis rialachais (féach ar Fhíor 5.6).
- 5.41** I mí na Samhna 2018, bunaithe ar mholadh an chomhairleora sheachtraigh, chuir ONSC tús le próiseas 'triáiseáil' dearadh córais chun bearnaí i ndearadh an chórais a shainaithint. D'éiligh sé seo go dtabharfaí an dearadh ar ais trí na grúpaí oibre lena athmheas agus chun iniúchadh a dhéanamh ar na fadhbanna a bhain le bearnaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Ina theannta sin, mhol an comhairleoir cur chuige chun mearfheagairt a sholáthar i ndáil le fadhbanna a bhain le bearnaí dearaidh.
- 5.42** Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta go ndearna an próiseas triáiseála dearadh córas athbhreithniú ar fheidhmiúlacht ceann go ceann i gcomparáid leis an iarraidh bhunaidh ar cheanglais tairiscintí, agus rudaí a tharla ina dhiaidh sin cosúil le cosaint sonraí/RGCS; athruithe ar shocruithe baincúireachta ón bPámháistir Ginearálta agus athchóiriú tuairiscithe, agus i gcomhthéacs inmhharthanachta d'úsáid agus do chothabháil amach anseo. Measadh gur den tábhacht é go n-áireofaí sa phróiseas seo rannpháirtíocht le saineolaithe ábhair ó chomhlachtaí eamála poiblí. Shonraigh ONSC nach bhfuil an timpeallacht bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais cobhsaí agus nach bhféadfadh an iarraidh ar thairiscintí na ceanglais bhreise ar fad a bheadh ann amach anseo a chur san áireamh.

Fíor 5.6 Príomhthorthaí na n-athbhreithnithe ar thionscadal SCBA curtha i gcrích ag comhairleoir seachtrach**Bealtaine 2018 — Tuarascáil maidir le féidearthacht an phlean a bheith ar fáil beo**

Sonraíodh sa tuarascáil gur tionscadal ardriosca a bhí ann agus rinneadh moltaí lena n-áirítear an gá atá leis na nithe seo a leanas

- struchtúir rialachais fheabhsaithe
- cleachtais fheabhsaithe bainistíochta tionscadail
- dearadh teicniúil a chríochnú
- deimhniú ó chliantchomhlachtaí earnála poiblí maidir le hullmhacht
- tacaíocht le monatóireacht ar ullmhacht.

Feabhra 2019 — Tuarascáil maidir le príomhréimsí inní

Áiríodh i measc na nithe ar tarraingíodh aird orthu sa tuarascáil

- Bhí comhaontú le comhpháirtí chur chun feidhme an chórais maidir le bealach praiticiúil agus tráchtála chun cinn in easnamh.
- Bhí ceanglais shuntasacha nua a bhain leis an gcóras dearaidh ag teacht chun solais ó na hathbhreithnithe triáiseála — fianaise ar an mearbhall suntasach a bhain le ceanglais chun tacú leis an bpobal úsáideoirí agus faoin méid a bhí forbartha ag comhpháirtí chur chun feidhme an chórais.
- Ní raibh ar chumas ONSC an chéim dearaidh a fhágáil mar gheall ar theip ar rialachas cláir. Chinn an comhairleoir ar deireadh gur dócha nach mbeadh na fóraim reatha rialachais in ann na fadhbanna dearaidh a réiteach gan idirghabháil shuntasach.
- Tugadh bearnaí suntasacha faoi deara i struchtúr eagraíochtúil an chlár — tugadh easnaimh faoi deara i bpríomhréimsí cosúil le foirne teicniúla agus réimsí feidhmiúlachta/próisis.
- De bhrí go raibh an tionscadal fós sa chéim dearaidh go bunúsach, thug an comhairleoir faoi deara gur dócha go n-éileodh cur i gcrích scóip bhunaigh an chlár, caiteachas a bheadh i bhfad níos mó ná an cás bunaidh.
- Níor áiríodh sa chás gnó fachtóirí cosúil leis na buntáistí a bheadh i gceist le costas caipitil a sheachnófaí maidir le huasghrádú an chórais nó an costas a sheachnófaí de bharr cuntasáíocht fabhráithe a bhaint amach do ranna agus oifigí rialtais láir.

Bealtaine 2019 — Tuarascáil maidir le struchtúr rialachais an tionscadail

Áiríodh ceithre phríomhthoradh sa tuarascáil

- Bhí easpa fianaise ann maidir le haontú dearaidh.
- Bhí easpa dlisteanachta cinnteoireachta agus tuisceana aonfhoirmí ar an bpróiseas cinnteoireachta le tabhairt faoi deara.
- Tugadh bearnaí faoi deara i bpríomhróil, acmhainn agus coinbhleachtaí mar thoradh ar róil dhéacha a bheith ag daoine i gcásanna áirithe.
- Tugadh bearnaí faoi deara in éifeachtacht oibríochtúil a bhain le fóraim dearaidh.

Rinneadh ceithre mholadh sa tuarascáil chun an struchtúr rialachais a fheabhsú

- Athshocraigh agus doiciméadaigh an t-údarás dearaidh agus an cosán cinnteoireachta agus comhroinn go forleathan é ionas go mbeidh tuiscint agus glacadh leis ar bhonn forleathan.
- Déileáil leis na bearnaí a bhaineann le róil, acmhainn agus coinbhleachtaí laistigh d'fhóraim dearaidh.
- Déileáil le héifeachtacht oibríochtúil na bhfóram dearaidh agus cinntigh comhdhéanamh ceart comhaltáí.
- Cuir tús le clár rianaithe cinnteoireachta láidir agus dian.

- 5.43** I mí Feabhra 2019, mhol an comhairleoir seachtrach an tionscadal a chur ar sos chun deis a thabhairt do Bhord an Chláir a mhachnamh a dhéanamh agus na ceisteanna criticiúla a athbhreithniú. Le cois mórdheacrachtaí dearaidh a shainaithint, mhol an comhairleoir go gcuirfí feabhsuithe suntasacha i bhfeidhm ar an tsamhail rialachais. Go háirithe, dhéanfaí grúpa comhairleach dhearadh an phróisis a athbhunú mar údarás cinnteoireachta chun meicníocht éifeachtach agus oiriúnach a sholáthar le haghaidh cinntí dearaidh do chlár atá chomh mór agus chomh casta leis seo. Chomh maith leis sin, leagadh béim san athbhreithniú ar an tábhacht a bhaineann le gealltanas iomlán maidir leis na hathruithe dearaidh a fháil ó chliantchomhlachtaí, agus chuige sin leanadh leis an tionscadal trí dhianphróiseas rannpháirtíochta le comhaltaí ar fad an ghrúpa oibre agus na n-oifigeach airgeadais.
- 5.44** Tugtar le fios in athbhreithniú a rinneadh ar Bhord an Chláir gur bhain deacrachtaí le poist a chur ar fáil laistigh den fhoireann tionscadail agus go raibh laigí sa chreat rialachais ó cuireadh tús leis an tionscadal. Sainaithníodh go raibh tionchar ag bearnaí i bpríomhról cosúil le hoifigeach bainistíochta an chláir agus ganntanas 'úsáideoir sinsearach' — duine ag a bhfuil príomhleas gnó sa chóras nuair a bheidh sé oibríochtúil, agus an t-údarás an bealach ba cheart dó feidhmiú a shonrú — ar dhul chun cinn éifeachtúil an tionscadail. Sainaithníodh go raibh tabhairt isteach comhaltaí foirne ar conradh agus comhaltaí foirne ar iasacht ó ranna le haghaidh ról ar fhoireann an tionscadail mar bhonn le costais mhéadaithe.
- 5.45** Ainneoin go ndearna ONSC iarracht struchtúir rialachais tionscadail oiriúnacha a chur chun feidhme, i gcleachtas níor fheidhmigh siad seo mar a samhláodh mar gheall ar ghanntanas údarás cinnteoireachta. Is léir ó mhiontuairiscí Bhord an Chláir gur bhuail comhaltaí an Bhoird le chéile go rialta agus gur phléigh siad raon saincheisteanna ábhartha, agus go raibh clár rioscaí tionscadail á chothabháil. Ní raibh aon phróiseas bunaithe, áfach, chun cinntí a aontú go hoifigiúil i rith an chéim dearaidh. Níor críochnaíodh nó níor aontaíodh doiciméad tionscnaimh an tionscadail go hoifigiúil riamh.

- 5.46** Chinn an comhairleoir seachtrach gurb é teip ar rialachas agus cinnteoireacht i ndáil le próiseas dearaidh an chlár ba chúis le teip an tionscadail bogadh ar aghaidh ón gcéim dearaidh. Áirítear i measc na bpríomhathruithe a rinneadh róil agus téarmaí tagartha an ghrúpa chomhairligh theicniúil agus ghrúpa chomhairligh an phróisis dearaidh agus ról úsáideora shinsearaigh ar an tionscadal a neartú.
- 5.47** Tá an Rúnaí Cúnta sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe atá freagrach as cuntasáocht rialtais ceaptha mar úsáideoir sinsearach don chlár anois, agus beidh an duine sin freagrach as ionchur lena chinntiú go dtacaíonn an dearadh le beartas cuntasáochta reatha agus todhchaí rialtais. Tá cur síos déanta in larscríbhinn 5A ar na socruithe rialachais reatha.

Sonraíocht cheanglais an tionscadail

- 5.48** Samhláíodh sa choincheap bunaidh faofa don chóras SCBA go mbeidh na próisis airgeadais ábhartha ar fad á gcur i gcrích ar chóras aonair bainistíochta airgeadais, a mbeadh rochtain ag comhaltaí foirne ONSC agus comhaltaí foirne ó chliantchuideachtaí air. Bhí sé beartaithe próisis choiteanna agus chaighdeánacha gnó a chur chun feidhme ach amháin sa chás go raibh cúis shoiléir agus inchosanta rud éigin eile a dhéanamh.
- 5.49** Sainaithníodh i staidéar féidearthachta a rinneadh don tionscadal go raibh gá le próiseas mionsonraithe chun ceanglais shonracha ghnó a shainaithint nach mbeadh á gcomhlíonadh trí ghnáthfheidhmiúlacht córais. Bhí sé beartaithe an anailís ar cheanglais a chur chun feidhme mar chuid de chéim dearaidh córais roimh aon chóras nua a sholáthar/a chur chun feidhme. Bhí sé mar aidhm ag Bord an Chláir gach ceanglas a chuimsiú san iarraidh ar thairiscintí agus ceangal conarthach a chur ar chomhpháirtí cur chun feidhme an chórais na ceanglais a sholáthar. Tá príomhchéimeanna shonraíocht cheanglais an tionscadail sonraithe i bhFíor 5.7.

Fíor 5.7 Príomhchéimeanna i sonraíocht thionscadal SCBA

Dáta	Gníomh
Lúnasa 2014	Sonraítear sa tuarascáil do Bhord an Chláir go bhfuil mapaí próisis agus ceanglais ghnó curtha i gcrích agus aontaithe ag gach grúpa oibre atá ag glacadh páirte sa tionscadal.
Samhain 2014	Dréacht-iarraidh ar thairiscintí forbartha. Bhí an dréacht-iarraidh ar thairiscintí faoi réir próiseas piarmheasúnaithe a bhí á chomhordú ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPFR). Ina theannta sin, rinne grúpa comhairleach dheardh an phróisis, Príomh-Oifig an Aturnae Stáit (POAS) agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), athbhreithniú ar an iarraidh ar thairiscintí.
Nollaig 2014	Cuireadh moill ar an bhfaomhadh chun an iarraidh ar thairiscintí a eisiúint de bhrí go raibh imní ar POAS, OSR agus OPFR faoi shoiléire na gceanglas, clásail tráchtála a bheith le cur san áireamh agus na costais agus castachtaí a bhaineann le maoiniú AE a thaifeadadh. Seachas sin, tharraing an próiseas piarmheasúnaithe aird ar ábhair imní a bhain le rioscaí an tionscadail mar gheall ar mhéid agus scála, ábhair imní maidir leis an ngné bainistíochta athraithe agus ceanglais an chórais.
Márta 2015	Dréacht-iarrratas ar thairiscintí faofa ag Bord an Chláir i ndiaidh leasuithe chun déileáil leis na saincheisteanna ar tarraingíodh aird orthu.
Aibreán 2015	Eisíodh an iarraidh ar thairiscintí sé mhí níos déanaí ná mar a bhí beartaithe.

Foinse: Miontuairiscí Bhord Cláir ONSC

5.50 Sonraíodh san iarraidh dheiridh ar thairiscintí raon ceanglas faoi cheithre cheannteideal (féach ar larscríbhinn 5B). Áirítear i measc na bpríomhghnéithe a shamhlaítear don iarraidh ar thairiscintí

- próisis choiteanna airgeadais saincheaptha do riachtanais státseirbhís na hÉireann, uathoibrithe i gcásanna ina bhfuil sé sin praiticiúil, agus spleáchas uasta ar ghnáthfheidhmiúlacht chórais agus béim leantach ar thimpeallacht láidir rialaithe airgeadais
- gabháil sonraí aonuaire agus tacar sonraí aonair, comhsheasmhach i ngach próiseas gaolmhar le comhtháthú iomlán agus dinimiciúil gach modúl ar an gcóras
- an cumas riachtanais tuairiscithe nua agus forbarthacha a chomhlíonadh trí chuntasaíocht airgid agus fabhraithe-bhunaithe
- réiteach solúbtha, inbhuanaithe agus inscálaithe atá in ann freagairt d'athruithe ar scóip seirbhísí agus/nó éilimh ó chustaiméirí, agus riachtanais athraitheacha na seirbhíse poiblí.

Saincheapadh

5.51 Sular cuireadh tús leis an tionscadal SCBA, tugadh faoi deara go raibh formhór na gcóras bainistíochta airgeadais a bhí in úsáid ansin saincheaptha chun freastal ar riachtanais aonair ranna agus oifigí. Ar an iomlán, measadh go bhfuil thart ar 3,680 saincheapadh ar leithligh curtha i bhfeidhm ar na córais d'fhonn an fheidhmiúlacht a theastaíonn a sholáthar. Ba í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a rinne thart ar thrí cheathrú den saincheapadh.¹

¹ Shaincheap an Roinn a córas bainistíochta airgeadais SAP ionas go mbeadh rialacháin an Aontais Eorpaigh maidir le hiocaíochtaí a dhéanamh faoin gComhbheartas Talmhaíochta á gcomhlíonadh.

5.52 Gné de thionscadal SCBA ón tús ba ea an gá a bhí le saincheapadh.

- Cuireadh saincheapadh ar cheanglais na hiarrata ar thairiscintí in iúl do chomhpháirtí chur chun feidhme an chórais i rith na céime dearaidh. Faoi Mheitheamh 2017, bhí 193 saincheapadh ar ghlac comhpháirtí chur chun feidhme an chlár leo curtha in iúl do Bhord an Chláir. Tuairiscíodh gur bhain an leibhéal saincheaptha a bhí ag teastáil lasmuigh de cheanglais na hiarrata ar thairiscintí leis an tréimhse ama a bhí caite ó rinneadh an cleachtadh sonraíochta ceanglas in 2015 agus scála an tionscadail.
- I Meán Fómhair 2017, nuair a bhí an tionscadal á bhogadh chuig an gcéim tiomsaithe, tuairiscíodh do Bhord an Chláir go raibh 238 ceanglas breise ann nár mhór déileáil leo trí shaincheapadh breise. Ina dhiaidh sin, bhí sé curtha in iúl ag comhpháirtí chur chun feidhme an chórais nach raibh sé in ann imlonnú shnáithe 1 a chomhlíonadh roimh Mheitheamh 2018 mar a bhí beartaithe.

Cairt choiteann cuntas

5.53 Príomhghné de thionscadal SCBA ba ea an gá a bhí le cairt choiteann cuntas a bhunú a bheadh in úsáid ag gach comhlacht earnála poiblí laistigh den scóip, a chumasódh comhdhlúthú agus trédhearcacht. Is ionann cairt cuntas agus liosta de na cuntais agus cóid na gcuntas go léir atá sainaitheanta ag eagraíocht atá riachtanach chun idirbhearta a thaifeadadh ina mórleabhar ginearálta. Go ginearálta, roinntear cóid na gcuntas de réir feidhme agus/nó rannán in eagraíocht. Go ginearálta, tá cóid na gcuntas i ngnáthchóras bainistíochta airgeadais gnó deartha chun tacú le taifeadadh agus tuairisciú ioncaim, caiteachais, sócmhainní agus dliteanas.

5.54 Soláthraíonn ranna agus oifigí Rialtais raon seirbhísí poiblí agus, le cois gnáthioncam agus gnáthspeansais tráchtála/gnó, soláthraíonn siad cineálacha difriúla maoinithe agus tacaíochta do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí. Áirítear anseo raon leathan agus éagsúil íocaíochtaí deontais. De bhrí go bhfuil sé beartaithe ardán teicneolaíochta aonair a bheith in SCBA, agus go mbeidh trédhearcacht tuairiscithe á soláthar, ní féidir ach glacadh le gnáthchairt cuntas aonair sa chóras.

5.55 Tugtar le fios i Miontuairiscí chruinnithe Bhord an Chláir gur taifeadadh plé ar na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an gceanglas maidir le cairt cuntas aonair a tháirgeadh do SCBA i mí Aibreáin 2013 ar dtús.

- 5.56** Bunaíodh grúpa oibre chun cairt cuntas a bhreithniú agus a fhorbairt. Cuireadh an obair seo i gcrích i gcomhthráth le forbairt na hiarrata ar thairiscintí, agus é mar aidhm struchtúr comhaontaithe a bheith bunaithe nuair a ceapadh comhpháirtí chur chun feidhme an chórais, agus ionas go mbeadh dóthain ama ann leanúint leis an dearadh. I mí Meithimh 2016, samhláíodh go mbeadh an chairt cuntas curtha i gcrích faoi dheireadh 2016. Leanadh le hobair ar an gcairt cuntas, áfach, agus bhí an obair fós ar siúl i rith dhearadh an chórais. Rinneadh athscrúdú mionsonraithe ar an gcairt cuntas mar chuid de phróiseas dearaidh triáiseála agus cuireadh an obair i gcrích in 2020. Ní raibh mapáil na cairte cuntas chun cóid reatha na gcuntas atá in úsáid ag comhlachtaí aonair na hearnála poiblí a leithdháileadh chuig na cóid chaighdeánacha SCBA curtha i gcrích, áfach.
- 5.57** Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur dúshlán suntasach a bhí le sárú ag an bhfoireann dearaidh comhaontú ar chairt choiteann aonair cuntas, de bhrí go bhfuil córais cuntas neamhchaighdeánach dá gcuid féin ag comhlachtaí éagsúla na hearnála poiblí ar a gcórais leagáide reatha féin. Bhí na ranna agus oifige sprice go láidir den tuairim go mbeadh gráinneacht leanúnach riachtanach chun tacú lena n-anailísíocht sonraí agus ceanglais tuairiscithe.

Conradh chomhpháirtí chur chun feidhme an chórais a bhainistiú

- 5.58** Fuarthas dhá fhreagairt ar an iarraidh ar thairiscintí. I rith na meastóireachta, measadh go raibh tairiscint amháin neamhchomhlíontach mar gheall ar cheist theicniúil. I ndiaidh moille, leanadh leis an bpróiseas agus bronnadh an conradh ar an tairgeoir fágtha.
- 5.59** I ndiaidh tuilleadh moilleanna fós, síníodh conradh le haghaidh réiteach teicneolaíochta Oracle-bhunaithe idir ONSC agus comhpháirtí chur chun feidhme an chórais i Meán Fómhair 2016. Tá praghas seasta sonraithe le haghaidh téarma ceithre bliana luaite sa chonradh. Is é €30.4 milliún (gan CBL san áireamh) an t-uasmhéid dlite atá le híoc faoin gconradh. Ní áirítear sa phraghas seasta, áfach, aon nótaí rialaithe athraithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach. Íoctar astu seo sa bhreis ar luach an chonartha ar phraghas seasta. Tá eolas maidir le príomhghnéithe an chonartha le fáil in Iarscríbhinn 5C.
- 5.60** Foráiltear sa chonradh seo d'athrú ar an nós imeachta rialaithe athraithe chun aon mhéadú/ laghdú nó athrú ar scóip an chórais a éascú nó aon athruithe ar uainiú an tionscadail. Sa chás gur ann d'athrú molta, ullmhaíonn comhpháirtí chur chun feidhme an chórais dréachtnóta rialaithe athraithe a n-áirítear ann anailís ar na himpleachtaí, costais agus rioscaí a bhaineann leis an athrú. Ansin is féidir gach athrú a ghlacadh, a mhoilliú, a iarchur nó a dhiúltú. Léirítear i gcostas na n-athruithe an éifeacht chionmhar bunaithe ar phlean an tionscadail nó cárta ráta (costas in aghaidh an lae don chineál fostaí riachtanach) atá sonraithe sa chonradh. Tá nós imeachta réitigh díospóidí san áireamh sa chonradh chun déileáil le haon díospóidí a thagann chun solais maidir le téarmaí an chonartha nó nótaí rialaithe athraithe.
- 5.61** Sonraíodh sa chonradh le comhpháirtí chur chun feidhme an chórais go mbeadh sceideal maidir le hinseachadtaí le haghaidh gach céim á fhorbairt go comheisiach agus á chomhaontú idir an dá pháirtí agus curtha san áireamh sa dréachtdoiciméad tionscanta tionscadail (DTT) le haghaidh gach snáithe. Dréachtaíodh DTT don chéad snáithe den tionscadal ach níor bunaíodh ar bhonn foirmiúil é.

5.62 Níor leanadh leis an tionscadal mar a bhíodhas ag súil.

- Bhí díospóid ann luath go maith i dtréimhse an chonartha maidir le cibé an raibh nó nach raibh céim anailíse san áireamh lena chinneadh an bhféadfaí an iarraidh ar cheanglais tairiscintí a optamú le heispéiris Oracle ar réitigh bainistíochta airgeadais a sholáthar. Níor cuireadh é seo san áireamh sa dréacht-DDT ach ba é tuairim fhoireann an tionscadail go raibh foráil déanta don chéim seo sa chonradh. Cinneadh déileáil leis an gceist faoi phróiseas foirmiúil réitigh díospóidí mar a bhfuil foráil déanta lena aghaidh faoin gconradh. Leanadh leis an díospóid seo fad is a bhí obair an tionscadail á cur i gcrích.
- Bhí sé beartaithe tús a chur le tástála glactha úsáideora i mí Iúil 2018, sula ndéanfaí an córas a imlonnú don chéad ghrúpa cliant i Meán Fómhair 2018. Thug Bord an Chláir faoi deara, áfach, nach raibh córas comhtháite SCBA forbartha fós. Dá thoradh sin, chinn Bord an Chláir agus foireann an tionscadail imlonnú beartaithe an chórais a chur ar sos.¹
- I ndiaidh imlonnú an chórais a chur ar sos, stop ONSC ag íoc comhpháirtí chur chun feidhme an chórais faoi théarmaí an chonartha bhunaidh de bhrí nach raibh feidhm le híocaíocht na garsprice seasta. Mar atá sonraithe sa chonradh, íoctar as gnéithe den obair nach bhfuil san áireamh sna garspriocanna bunaidh faoi gcomhaontú maidir leis an nóta rialaithe athraithe. Fad is a bhí an t-imlonnú curtha ar sos, íodadh comhpháirtí chur chun feidhme an chórais trí chóras an nóta athraithe i ndáil lena rannpháirtíocht leanúnach sa tionscadal. Rinneadh idirbheartaíocht faoin bpróiseas seo le comhpháirtí chur chun feidhme an chórais chun foireann níos lú a choimeád ag an láthair chun obair a bhain leis an triáiseáil dearaidh a éascú.
- D'íoc ONSC €17.1 milliún (gan CBL san áireamh) le comhpháirtí chur chun feidhme an chórais idir tús an chonartha agus deireadh 2019.² Measann an tOifigeach Cuntasaíochta go mbaineann thart ar €12 milliún den tsuim sin le hobair a samhlaíodh sa chonradh. Tá an €5.1 milliún fágtha rangaithe mar obair bhreise lena n-áirítear an triáiseáil dearaidh (€3.1 milliún), réiteach díospóidí (€1.4 milliún) agus costas na n-athruithe ar cheanglais na hiarrata ar thairiscintí (€0.6 milliún).

5.63 Táthar ag leanúint leis an bplé le comhpháirtí chur chun feidhme an chórais ach go dtí seo, níl aon phlean foirmiúil comhaontaithe maidir le cur i gcrích an tionscadail. Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil an clár ag dul chun cinn agus go bhfuil sé beartaithe DTT a shíniú le haghaidh athghníomhachtú agus imlonnú chóras SCBA do chliant shnáithe 1.

1 Shonraigh ONSC nach raibh aon teagmhasacht sa phlean dá mbogfaí tástáil glactha úsáideora agus, dá réir sin, nach mbeadh sé indéanta níos mó leagan beo a sholáthar i Meán Fómhair. Thug ONSC faoin ngníomhaíocht athphleanála i ndiaidh moill a bheith curtha ar imlonnú agus aird a bheith tarraingthe ar leibhéal níos mó anailíse ar na fadhbanna agus, dá réir sin, cuireadh tús le céime triáiseála dearaidh.

2 Tá an méid íoctha, CBL san áireamh, ó thús an tionscadail agus deireadh 2019 cothrom le €21 milliún, agus tá €8 mhilliún rangaithe mar obair bhreise.

Conclúidí agus moltaí

- 5.64** Tá an tionscadal atá forbartha chun córas SCBA a chur chun feidhme casta agus dúshlánach. Tá sé mar aidhm leis 31 córas difriúil bainistíochta airgeadais agus tuairiscithe a bhí in úsáid in 48 roinn, oifig agus gníomhaireacht Rialtais a ionadú le córas aonair TF airgeadais a bhfuil ionad nua seirbhísí comhroinnte airgeadais ag tacú leis. Éagsúil leis na seirbhísí comhroinnte AD agus párolla a bunaíodh tríd is tríd ar bhogearraí coiteann a bhí in úsáid cheana féin, samhlaíodh i dtionscadal SCBA go mbeadh córas iomlán nua atá le himlonnú ar fud na státseirbhíse á dhearadh agus á thiomsú. Bhí sé seo níos dúshlánaí ná mar a síleadh a bheadh. Dá thoradh sin, tá an tionscadal go mór ar gcúl i gcomparáid leis an sceideal bunaidh, agus is cosúil go mbeidh na costais i bhfad níos airde ná an méid réamh-mheasta nuair a d'fhomh an Rialtas an tionscadal ar dtús i mí Eanáir 2016.
- 5.65** Sa chás gnó bhí caiteachas iomlán réamh-mheasta do thionscadal SCBA sa bhreis ar €47.4 milliún (gan CBL san áireamh) agus bhí an tionscadal críochnaithe le soláthar faoi Mheitheamh 2020. Bhí €38.4 milliún (gan CBL san áireamh) caite ag ONSC ar an tionscadal faoi dheireadh 2019, agus meastar go mbeidh €15 milliún eile á chaitheamh in 2020.
- 5.66** D'fhomh cinneadh Rialtais i Meán Fómhair 2020 imlonnú leanúnach chóras SCBA thar amlíne sínte go dtí 2025 mar aon le maoiniú breise a chiallaíonn go bhfuil an buiséad iomlán faofa don tionscadal cothrom le €115 milliún, CBL san áireamh.
- 5.67** Bhí sé beartaithe go gcuirfeadh an chéad snáithe de chliantchuideachtaí tús le húsáid a bhaint as an gcóras i lár 2018, ach níl an córas réidh le himlonnú go fóill.
- 5.68** Cuireadh gné shuntasach den obair ar thionscadal SCBA amach ar conradh do chomhpháirtí chur chun feidhme an chórais, i ndiaidh próiseas tairisceana iomaíoch a reáchtáil in 2016. Síníodh conradh ar phraghas seasta luach €30.4 milliún (gan CBL san áireamh) leis an ngnólacht comhpháirtí i Meán Fómhair 2016.
- 5.69** Tá díospóidí tagtha chun cinn idir ONSC agus comhpháirtí chur chun feidhme an chórais i ndáil le cur chun feidhme an tionscadail agus cuireadh isteach ar an obair i mí Iúil 2018 nuair a cuireadh imlonnú beartaithe SCBA ar sos. Tá próisis triáiseála dearaidh agus athbhreithnithe rialachais ar cuireadh tús leo ag deireadh 2018 críochnaithe anois agus tá sonraíocht dearaidh athbhreithnithe ullmhaithe agus údaráíodh cairt cuntas comhaontaithe in 2020. I láthair na huaire, tá ONSC i mbun idirbheartaíochta le comhpháirtí chur chun feidhme an chórais agus é mar aidhm aige plean athbhreithnithe le haghaidh athghníomhachtú agus imlonnú an chórais don chéad snáithe de chomhlachtaí earnála poiblí a chomhaontú.
- 5.70** Tá sé measta ag ONSC nach raibh caiteachas iomlán €10.3 milliún (gan CBL san áireamh), arb ionann é agus breis is aon cheathrú den chaiteachas iomlán suas go dtí deireadh 2019, curtha san áireamh sa chostmheastachán sa chás gnó. Bhain go leor den chaiteachas sin le hathbhreithniú agus leasú dhearadh an chórais agus athbhreithnithe éagsúla ar ghnéithe éagsúla den tionscadal, caiteachas a d'fhéadfaí a sheachaint.

Moladh 5.1

Ba cheart do ONSC oibriú le comhpháirtí chur chun feidhme an chórais chun teacht ar chomhaontú maidir le costálacha athbhreithnithe do na céimeanna fágtha den obair, mar aon le hamlíne ghaolmhar do na príomh-gharspriocanna.

Freagairt an Oifigigh Cuntasaíochta

Comhaontaítear.

Tá buiséad athbhreithnithe agus amlíne tháscach faofa ag an Rialtas anois. Tá tús curtha leis an bpleanáil do na céimeanna fágtha den obair i dteannta le comhpháirtí chur chun feidhme an chórais.

- 5.71** Áiríodh in athbhreithniú ECFE a rinneadh in 2019, roinnt moltaí arb é an aidhm a bhí leo na creataí cuntasaíochta do ranna agus oifigí rialtais a nuachóiriú. Áirítear anseo úsáid a bheith á baint as cuntais fabhraithe agus i ndeireadh na dála cuntais 'uile-rialtais' a chur i dtoll a chéile. Sainaithníodh sa tuarascáil cur chun feidhme rathúil SCBA mar príomhchumasóir sa tionscadal nuachóirithe agus tugadh faoi deara go mbeadh soláthar an tionscadail sin de réir scóip agus sceideal an tionscadail rithabhachtach i ndáil le cur chun feidhme na cuntasaíochta fabhraithe. Samhlaítear sa tionscadal nuachóirithe cuntasaíochta go mbeidh an tionscadal á bhunú agus bunaithe sa tréimhse idir 2019 – 2020 agus go mbeidh an creat nua á shainmhíniú sa tréimhse idir 2020 – 2023.

Moladh 5.2

Ba cheart go gcinnteoidh ONSC go sásaíonn an tsonraíocht dearaidh leasaithe príomhcheanglais na gcliant beartaithe agus go mbeidh an tsonraíocht in ann déileáil le ceanglais a bheidh ann amach anseo cosúil le húsáid a bheith á baint as cuntasaíocht fabhraithe.

Freagairt an Oifigigh Cuntasaíochta

Comhaontaítear.


Chuir ONSC dianphróiseas athbhreithnithe dearaidh i gcrích, phléigh siad cúrsaí le ranna rialtais agus ionadaithe ón ngrúpa oibre i rith an phróisis athbhreithnithe fadálach.

Tá bailchríoch á cur anois ag ONSC ar phlean cur chun feidhme leasaithe le haghaidh imlonnú do chliant shnáithe 1.

Chomh maith leis sin, tá ONSC ag obair i ndlúthchomhar le comhairleoirí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, lena n-áirítear an Rúnaí Cúnta sa roinn sin atá freagrach as cuntasaíocht rialtais, i ndáil le clár athchóirithe na cuntasaíochta fabhraithe agus na trédhearcachta fiosaí, agus mar aidhm aige a chinntiú go mbeidh dearadh an tionscadail ag freastal ar gach caighdeán cuntasaíochta earnála poiblí i ndáil le cuntasaíocht fabhraithe.


Tá na gníomhartha seo riachtanach lena chinntiú go mbeidh rath ar an gclár. Níl aon gníomhartha breise molta i láthair na huaire.

Iarscríbhinn 5A Socruithe rialachais thionscadal SCBA



Foinse: ONSC

Iarscríbhinn 5B Ceanglais na hiarrata ar thairiscintí



Foinse: ONSC

Iarscríbhinn 5C Príomhghnéithe sa chonradh chun SCBA a sholáthar

Céim	Comhpháirteanna
Gníomhachtú & suiteáil	Céim ghearr ina ngníomhachtaíonn an conraitheoir an fhoireann, tionscnaítear an tionscadal, suiteáiltear na crua-earraí agus na bogearraí, agus bunaítear na socruithe maidir le soláthar seirbhíse bainistithe.
Dearadh	Áirítear anseo dearadh na loirge coitinne agus na gcumraíochtaí agus an tsaincheaptha atá riachtanach chun ceanglais na hiarrata ar thairiscint a aistriú go dtí réiteach dearaidh atá cuimsitheach agus doiciméadaithe ina iomláine. Cuirtear tús leis an gcéim seo le seomra comhdhála píolótach (nó a chomhionann) chun tacú le hanailís líonta bearnaí don chóras.
Tiomsú	Áirítear anseo tiomsú na loirge coitinne don chóras agus an córas a shaincheapadh de réir na sonraíochta a éilíonn na cliantchomhlachtaí sa chéad snáithe imlonnaithe. Cuirfear céim tiomsaithe i gcrích roimh gach snáithe ina dhiaidh sin le haghaidh chumraíocht agus shaincheapadh an réitigh de réir na sonraíochta atá á héileamh ag na cliantchomhlachtaí i ngach snáithe.
Tástáil	Áirítear anseo tiomsú na loirge coitinne don chóras agus an saincheapadh le haghaidh cliantchomhlachtaí sa chéad snáithe imlonnaithe. Cuirfear céim tástála i gcrích roimh gach snáithe ina dhiaidh sin le haghaidh tástáil na gcumraíochtaí agus saincheapadh an CBA aonair a atá á éileamh ag na cliantchomhlachtaí i ngach snáithe.
Oiliúint	Áirítear anseo gach gníomhaíocht a bhaineann le hoiliúint, lena n-áirítear straitéis agus plean a chruthú, próiseas meastóireachta úsáideoirí a fhorbairt, ábhair oiliúna a fhorbairt, lóistíocht oiliúna a bhainistiú agus oiliúint úsáideoirí deiridh a ullmhú.
Imlonnú	Áirítear anseo an obair ullmhúcháin roimh leagan beo a sholáthar, measúnachtaí ullmhachta, ascnamh sonraí, oiliúint úsáideoirí deiridh, gníomhaíochtaí réitithe agus tacaíocht i ndiaidh leagan beo a sholáthar chun imlonnú rathúil an chórais do chliantchuideachtaí a chinntiú.
Cobhsú & cur i gcrích an tionscadail	Áirítear anseo an t-aistriú ó dheireadh an imlonnaithe chuig gnáthshocruithe tacaíochta a sholáthar.

Foinse: ONSC. Leathanach 63 agus 64 de chonradh ONSC le comhpháirtí chur chun feidhme an chórais.

